



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2017

Scéim Mharcála

Gaeilge

Bonnleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéisí foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2017

GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)

Ceist 1 (14 mharc)

- (a) Meicneoir = an tríú pictiúr ... 7 marc) = **14 mharc**
(b) An Afraic ... 7 marc)

Ceist 2 (14 mharc)

- (a) Galf = an dara pictiúr ... 7 marc) = **14 mharc**
(b) In oifig na scoile ... 7 marc)

Ceist 3 (8 marc)

- Siopa crua-earraí = an tríú pictiúr ... 8 marc) = **8 marc**

Ceist 4 (8 marc)

- An bosca ag an mbarr ar dheis (tic nó saighead sa bhosca) ... 8 marc) = **8 marc**

Ceist 5 (16 mharc)

- (a) Tirim, scamallach = an dara pictiúr ... 8 marc) = **16 mharc**
(b) Cúig chéim Celsius ... 8 marc)

Ceist 6 (20 marc)

- (a) In árasán ... 10 marc) = **20 marc**
(b) Ar rothar ... 10 marc)

Ceist 7 (20 marc)

- (a) Ag doras an tí ... 10 marc) = **20 marc**
(b) Bhí solas amháin briste ... 10 marc)

Ceist 8 (20 marc)

- (a) Taispeántas gairmeacha ... 10 marc) = **20 marc**
(b) Ar an ollscoil ... 10 marc)

CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

Ceist 1 Meaitseáil

(40 marc)

Uimhir an phictiúir	Litir
1	E
2	H
3	I
4	B
5	F
6	C
7	J
8	A
9	D
10	G

10 x 4 mharc = 40 marc

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán ag bun an leathanaigh, agus dhá líne faoi.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glactar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.
- Iomlán carnach a bhreacadh ag bun an leathanaigh.

Ceist 2 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(50 marc)

(a) Litir (25 marc)

- | | | | |
|----|---------------------|--------------|-----------|
| 1. | 20 Aibreán | ... 5 mharc) | |
| 2. | Innealtóireacht | ... 5 mharc) | |
| 3. | 10.30 p.m. | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Glaoch teileafóin | ... 5 mharc) | |
| 5. | Oifigeach Pearsanra | ... 5 mharc) | |

(b) Bróisiúr (25 marc)

- | | | | |
|----|-----------------------------|--------------|-----------|
| 1. | Gar do chósta Dhún na nGall | ... 5 mharc) | |
| 2. | Ar bhád farantóireachta | ... 5 mharc) | |
| 3. | Sráidbhaile saoire | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Radhairc bhreátha | ... 5 mharc) | |
| 5. | Gaeilge | ... 5 mharc) | |

(c) Scéal Nuachta (25 marc)

- | | | | |
|----|------------------------|--------------|-----------|
| 1. | Sa leabharlann phoiblí | ... 5 mharc) | |
| 2. | Déardaoin | ... 5 mharc) | |
| 3. | Matamaitic | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | A sé a chlog | ... 5 mharc) | |
| 5. | An leabharlannaí | ... 5 mharc) | |

Nóta: Suimigh an dá mhóiriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móiriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

Ceist 3 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(60 marc)

(a) Alt (30 marc)

1. Láithreoir teilifíse ... 6 mharc)
2. Ní raibh a lán cairde aici ... 6 mharc)
Ní raibh a lán cairde aici san ollscoil = 6 mharc
Ní raibh cairde aici = 4 mharc
Ní raibh a lán cairde = 3 mharc
3. Dlí ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Clár cúrsaí reatha ... 6 mharc)
5. Go bialann Indiach ... 6 mharc)

(b) Giota (30 marc)

1. Márta ... 6 mharc)
2. Glas ... 6 mharc)
3. I Nua-Eabhrac ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Peil agus iománaíocht ... 6 mharc)
5. Iarracht níos mó Gaeilge a labhairt ... 6 mharc)
Déanann daoine iarracht níos mó Gaeilge a labhairt nuair a bhíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl = 6 mharc
Déanann daoine iarracht níos mó Gaeilge a labhairt = 6 mharc
Níos mó Gaeilge a labhairt = 6 mharc
Bíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl. Déanann daoine iarracht níos mó Gaeilge a labhairt (nuair a bhíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl) = 6 mharc

(c) Véarsaí (30 marc)

1. An t-ionad campála ... 6 mharc)
2. Ag spalpadh ... 6 mharc)
3. Tuismitheoirí ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Peil ... 6 mharc)
5. Gach lá gan sos ... 6 mharc)
Gach lá = 6 mharc
Cluichí is scléip gach lá gan sos = 6 mharc
Gan sos = 3 mharc

Nóta: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 9 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúbíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

Comhairle speisialta

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil “ad rem”*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

Cumas Cumarsáide (Cum):

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge (Cr):

- (i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
- (ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
- (iii) Litríú

Ábhar nach bhfuil “ad rem”:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

Ná glac le Béarla.

Nóta: Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an marc is ísle. Scríobh an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

Ceist 4 Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

(a) Fógra (40 marc)

Cumas Cumarsáide = 30 marc

= 40 marc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide **= 30 marc**

(i) Leagan Amach = 1 mharc

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus san imeall) = 1 mharc

(ii) Treoracha = 29 marc

- **Pictiúr 1 (8 marc)**

- Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
- Cén áit a mbeidh sé? 4 mharc

- **Pictiúr 2 (13 mharc)**

- Cén lá? 4 mharc
- Dáta? 3 mharc
- Am? 3 mharc
- Cead isteach? 3 mharc

- **Pictiúr 3 (4 mharc)**

- Cén grúpa ceoil a bheidh ag seinm? 4 mharc

- **Pictiúr 4 (4 mharc)**

- Cá rachaidh an t-airgead? 4 mharc

Leagan Amach = 1 mharc

Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8 marc

Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc

Pictiúr 3 = 4 = 4 mharc

Pictiúr 4 = 4 = 4 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (30) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (10) =

Cruinneas Gaeilge **= 10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Iarracht ar fhógra 1 mharc

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal “Fógra” agus bronn marc amháin (sa cholún).

- Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc**
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *Seó Faisin, Comórtas Faisin, Taispeántas faisin, Taispeántas Éadaí...*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: *Siopa Faisin, Faisean agus Ceol, Oíche cheoil...*
Glac leis na freagraí seo ar 1 mharc: *Faisean, Ceol...*
- Pictiúr 1 Cén áit? 4 mharc**
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *Óstán ainmnithe...*
Glac leis an bhfreagra seo ar 2 mharc: *san óstán*
Glac leis na hiarrachtaí seo ar 1 mharc: *óstán; Ainm áite i nGaeilge*
Ná bronn aon mharc ar *ainm áite i mBéarla*
- Pictiúr 2 Cén lá? 4 mharc**
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc.
Glac le lá ar bith atá ainmnithe: *inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...*
Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: *Dé Luain seo caite...*
- Pictiúr 2 Dáta? 3 mharc**
Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine 2017...*
Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/7/2017...*
Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2017*
Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *3ú (gan an mhí)*
Ná bronn aon mharc ar fhiigiúr lom.
- Pictiúr 2 Am? 3 mharc**
Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
Samplaí: *Ocht a chlog, 8 p.m, Am lóin, 4 p.m - 6 p.m, tar éis na scoile, meán lae...*
- Pictiúr 2 Cead isteach? 3 mharc**
Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach.
Samplaí: *Cead isteach: €5, Cúig euro ag an doras, Ticéad €5, Táille €5, Saor in aisce...*
Pionós -2 i gceist i gcás méid airgid leis féin nó sa chás go bhfuil an comhartha euro/airgid in easnamh.
- Pictiúr 3 Cén grúpa ceoil a bheidh ag seinm? 4 mharc**
Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí: *Grúpa ceoil-Kodaline, Beidh Kodaline ag seinm/ann/i láthair/ar an stáitse...*

Pionós -3 i gcás ainm lom *Kodaline* gan aon cheangal/gan aon ionramháil.

Ná glac le haon ghrúpa ceoil eile nó le hainm ceoltóra/amhránaí eile.

Pictiúr 4 **Cá rachaidh an t-airgead?**

4 mharc

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go dtí *Ospidéal na Leanaí*.

Samplaí: *Ar son Ospidéal na Leanaí, Airgead ag dul go (dtí) Ospidéal na Leanaí, Airgead = Ospidéal na Leanaí; Airgead: Ospidéal na Leanaí; Airgead → Ospidéal na Leanaí; ar son leanaí/páistí tinne...*

Glac leis an iarracht seo ar 3 mharc: *Ospidéal gan na leanaí* luaite ach ionramháil ann mar shampla: *Airgead ag dul go dtí an t-ospidéal...*

Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *Ospidéal na Leanaí*

“Ospidéal” leis féin = 0

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 = 4 = 4
- Pictiúr 4 = 4 = 4

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (30) =

Cruinneas Gaeilge Cr (10) =

NÓ

(b) Freagra ar chuireadh (40 marc)

Cumas Cumarsáide	= 30 marc	
Cruinneas Gaeilge	= 10 marc	= 40 marc

Tasc → Freagra a scríobh ar chuireadh bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

(i) Leagan Amach = 3 mharc

- Iarracht ar fhreagra = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Slán/Síniú = 1 mharc

(ii) Treoracha = 27 marc

• **Pictiúr 1 (7 marc)**

- An lá a fuair tú an cuireadh 4 mharc
- Go raibh áthas ort nuair a fuair tú an cuireadh 3 mharc

• **Pictiúr 3 (9 marc)**

- Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann 3 mharc
- Go mbeidh tú ábalta dul ann 3 mharc
- Conas a rachaidh sibh ann 3 mharc

• **Pictiúr 4 (11 mharc)**

- Dhá rud faoin gceolchoirm 4 mharc + 4 mharc 8 marc
- An t-am a rachaidh sibh abhaile 3 mharc

Leagan Amach = 1 + 1 + 1 = 3 mharc

Pictiúr 1 = 4 + 3 = 7 marc

Pictiúr 3 = 3 + 3 + 3 = 9 marc

Pictiúr 4 = 4 + 4 + 3 = 11 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (30) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (10) =

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

- Pictiúr 1 An lá a fuair tú an cuireadh 4 mharc**
 Glac le lá ar bith atá ainmnithe: *Dé Luain, inné, ar maidin...*
- Pictiúr 1 Go raibh áthas ort nuair a fuair tú an cuireadh 3 mharc**
Bhí áthas orm, go raibh (míle) maith agat...
- Pictiúr 3 Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann 3 mharc**
D'iarr mé cead, chuir mé ceist ar Mham, labhair mé le Mam...
- Pictiúr 3 Go mbeidh tú ábalta dul ann 3 mharc**
Beidh mé ábalta dul, "Sea" a dúirt Mam, tá cead agam...
- Pictiúr 3 Conas a rachaidh sibh ann 3 mharc**
Rachaimid ar an mbus/ar an traein, rachaimid sa charr, gheobhaimid síob...
- Pictiúr 4 Dhá rud faoin gceolchoirm 4 mharc + 4 mharc = 8 marc**
Beidh...ag seinm, an t-ionad, an dáta, an lá, an t-am, ag éisteacht, ag canadh, ag damhsa, cairde, praghas na dticéad...
- Pictiúr 4 An t-am a rachaidh sibh abhaile 3 mharc**
 Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
 Samplaí: *Rachaimid abhaile ar 11.30 p.m., ag meán oíche...*

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheistean. Léirigh na marcanna.

- Leagan Amach = 1 + 1 + 1 = 3
- Pictiúr 1 = 4 + 3 = 7
- Pictiúr 3 = 3 + 3 + 3 = 9
- Pictiúr 4 = 4 + 4 + 3 = 11

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (30) =

Cruinneas Gaeilge Cr (10) =

Ceist 5 Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

(a) Cuntas (50 marc)

Cumas Cumarsáide = 37 marc

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar:
“**Glantachán Earraigh sa Chlub Óige**” mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide **= 37 marc**

- Níor mhór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d’imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37-5_t=32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:

Insint faoi bheith i láthair ag an nglantachán earraigh; an dáta; an t-am; daoine eile a bhí ag an nglantachán; an obair a bhí ar siúl - ag péinteáil, ag glanadh, ag scuabadh, ag gearradh féir, ag cur plandaí, ag bailiú bruscair...; an t-atmaisféar; an aimsir; an áit/an club óige; comhartha “**Fáilte**”; ceol á sheinm; an oíche; ceol/dioscó/ag damhsa agus ag canadh; bia/deochanna ar fáil ag an nglantachán; ag ithe agus ag ól; agallamh...láithreoir ón raidió; ag caint agus ag gáire; éadaí; tuairim faoin nglantachán earraigh; ar thaitin an glantachán leat?; mar a mhothaigh tú nuair a bhí an glantachán earraigh thart...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T₁, T₂, T₃, T₄, T₅

Cruinneas Gaeilge **= 13 mharc**

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (37) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (13) =

Nó

(b) Eachtra (50 marc)

Cumas Cumarsáide	= 37 marc	= 50 marc
Cruinneas Gaeilge	= 13 mharc	

Tasc → Scríobh faoi Eachtra (timpeall 90 focal) a tharla **agus tú ag an gclub leadóige le do chara.**

Cumas Cumarsáide

= 37 marc

- Bheadh tagairt amháin do gach aon pictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. **Cúig** thagairt ag teastáil san iomlán. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37 - 5 = 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Tá **cúig** thagairt ag teastáil. Ceann do gach pictiúr (T_1, T_2, T_3, T_4) agus aon tagairt amháin eile (T_5).

Pionós -5 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 37 marc atá ar fáil don Chumarsáid anseo.

Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (37, 32, 27, 22, nó 17).

Glac leis na tagairtí seo a leanas:

Pictiúr 1

A bheith i láthair nó ag dul go dtí an Club Leadóige; go raibh comórtas leadóige ar siúl; an lá; an t-am; an aimsir; cé a bhí in éineacht leat; éadaí/trealamh/málaí spóirt; conas a mhothaigh tú...

Pictiúr 2

An t-am; an aimsir; an slua/an lucht féachana; an imirt; an cluiche dúbailte; mar a mhothaigh tú; ag cur allais; an scór...

Pictiúr 3

Bhuamar an cluiche/an comórtas; an corn/duais airgid/seic; bhronn...an corn orainn; áthas/bród...

Pictiúr 4

An bhialann; an t-am; an bia; gléasta suas; daoine eile a bhí sa bhialann; an freastalaí; tuairimí faoin mbéile; bhaineamar taitneamh as...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T₁, T₂, T₃, T₄, T₅

Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (37) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (13) =

Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socrúithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Freagra ar chuireadh

Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Freagra ar chuireadh

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: litriú; úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí ...

		Ceist 4 (a) nó (b) Marc as 10	Ceist 5 (a) nó (b) Marc as 13
Sármhaith	Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	9-10	12-13
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	7-8	10-11
Maith	Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	5-6	8-9
Maith go leor	Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4	6-7
Lag	Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	3	4-5
An-lag	Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	2	2-3
Easnamhach	Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	1	1

Ní mór don scrúdaitheoir “**SMM i bhfeidhm-scrúd.**” a scríobh ar chlúdach an fhreagarleabhair nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

An Triail Chluastuisceana

Ceist a hAon (Canúint na Mumhan)

Haigh. Is mise Muiris Ó Ruairc. Chaith mé cúig bliana ag obair san Astráil. Bhí cúpla post agam thall ansin. Chaith mé tamall ag obair mar ghlantóir fuinneog. Ina dhiaidh sin, fuair mé post ar fheirm mhór. Bhí an obair sin an-deacair. D'fhill mé abhaile ar Éirinn dhá bhliain ó shin. Tá mé ag obair faoi láthair mar mheicneoir i ngaráiste i lár na tíre. Is le mo dheartháir an garáiste. Réitimid go maith le chéile agus tá mé féin ar fheabhas ag obair le carranna. Tá áthas orm go bhfuil mé ar ais ag obair in Éirinn. Ach mar sin féin, is breá liom a bheith ag taisteal. Thug mé cuairt ar Mheiriceá anuraidh agus an bhliain seo chugainn rachaidh mé go dtí an Afraic. Tá mé ag tnúth go mór leis an turas sin.

Ceist a Dó (Canúint Chonnacht)

Is mise Siobhán. Tá cónaí orm i gCaisleán an Bharraigh. Tá mé fiche bliain d'aois. Is bean mhór spóirt mé. Inrím peil agus camógaíocht le mo chlub áitiúil agus bím ag traenáil dhá oíche in aghaidh na seachtaine. Bíonn cluiche agam beagnach gach deireadh seachtaine. Deir Daid liom triail a bhaint as cluiche gailf, ach i ndáiríre, ceapaim go bhfuil an galf rómhall. Is minic a théim go dtí an linn snámha san óstán in aice liom. Is aoibhinn liom a bheith ag snámh. Ní chuireann rud ar bith isteach orm agus mé ag snámh. Tá mé ag obair mar rúnaí in oifig na scoile. Bím gnóthach i gcónaí agus codlaím go sámh gach oíche.

Ceist a Trí (Canúint Uladh)

Ar an mbóthar...carr ag stopadh

Fear: Gabh mo leithscéal, a bhean uasail, an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an siopa crua-earraí? Ní fhaca mé ach siopa nuachtán agus siopa spóirt nuair a bhí mé ag tiomáint tríd an bhaile. Ba mhaith liom bara rotha a cheannach.

Bean: Tá a fhios agam cá bhfuil an siopa crua-earraí. Lean ort díreach síos an bóthar seo. Feicfidh tú an t-ospidéal ar thaobh na láimhe clé. Tá an siopa crua-earraí díreach trasna an bhóthair ón ospidéal. Feicfidh tú bara rotha taobh amuigh den siopa.

Fear: Go raibh míle maith agat, a bhean uasail. Slán agat.

Ceist a Ceathair (Canúint na Mumhan)

Ar an tsráid...

Bean: Heileo, a dhuine uasail. An bhféadfá a insint dom, le do thoil, cá bhfuil an naíonra. Tá ceann nua tar éis oscailt áit éigin anseo.

Fear: Níl tú rófhada uaidh, a bhean uasail. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar dheis ansin ag na soilse. Téigh thar stáisiún na ngardaí agus tóg an dara casadh ar chlé. Tá an naíonra nua i dteach scoite ag barr an bhóthair sin ar thaobh na láimhe clé.

Bean: Ar dheis ag na soilse tráchta, ansin an dara casadh ar chlé agus suas go barr an bhóthair.

Fear: Sin é. Tiomáin ar aghaidh go cúramach, bíonn an bóthar sin an-ghnóthach. Ádh mór ort.

Bean: Go raibh míle maith agat.

Ceist a Cúig (Canúint Chonnacht)

Seo daoibh anois Réamhaisnéis na hAimsire á léamh ag Peadar Ó Néill.

Bhí an lá inniu grianmhar ach tá athrú ag teacht ar an aimsir. Beidh an lá amárach réasúnta fuar. Beidh an teocht idir naoi gcéim agus trí chéim déag Celsius. Fanfaidh sé tirim amárach do rásaí na gcapall. Ní bheidh sé gaofar ar chor ar bith. Ní bheidh an ghrian ag taitneamh mar beidh sé scamallach. Leanfaidh an aimsir scamallach go ceann cúpla lá ina dhiaidh sin. Éireoidh sé níos fuaire san oíche amárach agus titfidh an teocht. Cúig chéim Celsius an teocht is ísle a bheidh ann san oíche amárach.

Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)

Ar an tsráid...torann tráchta

Conall: A Aoife, aon scéal?

Aoife: Haigh a Chonaill. Tá dea-scéala agam inniu.

Conall: Bhuel, inis dom.

Aoife: An cuimhin leat go raibh mé ag gearán faoin árasán a bhfuil mé i mo chónaí ann faoi láthair?

Conall: Is minic a chuala mé thú ag gearán faoin staighre fada. Tá an t-árasán sin ar an gceathrú hurlár agus bíonn an t-ardaitheoir briste i gcónaí.

Aoife: Beimid ag bogadh amach as an árasán.

Conall: Is breá liom é sin a chloisteáil, a Aoife. Agus cá mbeidh sibh ag dul?

Aoife: Bhí mo thuismitheoirí ag féachaint ar dhá theach. D'fhéach siad ar theach beag dhá stór i lár an bhaile agus ar bhungaló álainn trí mhíle lasmuigh den bhaile.

Conall: Cén ceann a roghnaigh sibh?

Aoife: Dúirt Mam go raibh sí bréan de bheith ag dul suas síos an staighre san árasán agus

roghnaigh sí an bungaló. D'aontaigh Daid léi agus beimid ag bogadh ag deireadh na míosa.

Conall: Agus an bhfuil tusa sásta leis an mbungaló?

Aoife: Tá mé an-sásta leis. Tá sé go hálainn. Tá dhá sheomra folctha ann. Beidh mo sheomra féin agam agus tá gairdín grianmhar ar chúl an tí ann.

Conall: Tá sé sin go hiontach. Ach cogar, beidh siúl fada agat ar scoil gach lá. Beidh ort síob a fháil sa charr chun teacht isteach ar scoil.

Aoife: Ná bí buartha faoi sin, a Chonaill, tá mé chun rothar a cheannach. Rachaidh mé ar scoil ar mo rothar agus beidh mé ábalta teacht agus imeacht mar is maith liom.

Ceist a Seacht (Canúint Uladh)

Ar an teileafón...

Liam: A Róise, Liam anseo. Ní fhaca mé ar scoil tráthnóna inniu thú.

Róise: Ní fhaca, a Liam mar d'fhan mé sa bhaile i ndiaidh an lóin.

Liam: An raibh tú tinn?

Róise: Ní raibh. Tharla timpiste taobh amuigh de mo theach ag am lóin. Baineadh geit cheart asam.

Liam: Timpiste. Inis dom cad é a tharla.

Róise: Bhí mé ag doras an tí nuair a chuala mé trup uafásach taobh thiar díom.

Liam: Cad é ba chúis leis sin?

Róise: Sciorr ghluaisrothar agus é ag dul thart an coirnéal. Nuair a d'fhéach mé thar mo ghualainn chonaic mé fear óg ina luí faoi ghluaisrothar ar an bhóthar.

Liam: Ar chuir tú fios ar an otharcharr?

Róise: Níor chuir. Rith mé amach chuige mar ní raibh aon duine eile timpeall na háite.

Liam: An raibh sé gortaithe go dona?

Róise: Ní raibh. Bhí sé ag teacht chuige féin de réir a chéile. Ach bhí a ghlúin ag cur fola.

Liam: Ar chuir tú cóir leighis air?

Róise: Thug mé isteach sa teach é agus chuir mé bindealán ar a ghlúin. Ansin thug mé cupán tae dó.

Liam: Cén damáiste a rinneadh don ghluaisrothar? An raibh sé ina smidiríní?

Róise: Ní raibh. Ní raibh aon ola ag sileadh as aon áit ach bhí solas amháin briste.

Liam: An raibh an fear óg ábalta leanúint ar a thuras ansin?

Róise: Bhí. Ghabh sé buíochas liom agus d'imigh sé leis.

Liam: Agus conas a bhí tú féin?

Róise: Bhí mé maith go leor ach bhí sé rómhall dul ar ais ar scoil. Gheobhaidh mé nóta ó mo Mham.

Ceist a hOcht (Canúint Chonnacht)

Ar an mbealach chun na scoile

Síle: A Phóil, chonaic mé aréir thú ag an Taispeántas Gairmeacha i Halla na Scoile. Ar thaitin sé leat?

Pól: Thaitin, a Shíle, gan dabht. Bhí an taispeántas gairmeacha thar a bheith spéisiúil. Bhí eolas ar fáil faoi phoist de gach sórt agus faoi chúrsaí tríú leibhéal.

Síle: Chabhraigh sé go mór liomsa. Bhí mé idir dhá chomhairle faoi mo rogha cúrsa tríú leibhéal le fada.

Pól: Cheap mé go raibh tú chun cúrsa ríomhaireachta a dhéanamh.

Síle: Bhí mé ag smaoineamh ar chúrsa ríomhaireachta, ach ní raibh m'intinn déanta suas agam. Ach tá mo rogha déanta agam anois.

Pól: Cad a roghnaigh tú?

Síle: Ba mhaith liom a bheith i mo chócaire. Beidh mé ábalta cúrsa cócaireachta a dhéanamh san Institiúid Teicneolaíochta. Is breá liom a bheith ag ullmhú béilí.

Pól: An bhfuil aon seans ann go n-osclóidh tú do bhialann féin lá éigin?

Síle: Sin smaoineamh an-mhaith, a Phóil. Ach cad fút féin?

Pól: Mise? Beidh mé ag leanúint leis an rogha a rinne mé i dtús na bliana.

Síle: Agus cén rogha é sin, a Phóil?

Pól: Is breá liom an teilifís. Ba mhaith liom cúrsa sna meáin a dhéanamh ar an Ollscoil agus a bheith ag obair do stáisiún teilifíse.

Síle: An mbeidh tú ag aisteoireacht?

Pól: Ní bheidh mé ag aisteoireacht. Beidh mé ag déanamh cláir theilifíse.

Síle: An bhfuil aon seans go ndéanfaidh tú clár cócaireachta lá éigin?

Pól: Ag magadh atá tú.

LEATHANACH
BÁN

LEATHANACH
BÁN

Leathanach Bán

